C/2024/4427

10.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11583 – MARCEGAGLIA STEEL / ASCOMETAL FOS-SUR-MER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4427)

1. An 3 Iúil 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Marcegaglia Holding S.r.l. ('Marcegaglia', an Iodáil),

— Ascometal Fos-sur-Mer SAS ('Ascometal Fos-sur-Mer', an Fhrainc), atá faoi rialú Swiss Steel Holding AG (an Eilvéis) faoi láthair.

Gheobhaidh Marcegaglia rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Ascometal Fos-sur-Mer ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn Marcegaglia trí Marcegaglia Steel S.p.A in 36 thír ar fud an domhain agus tá sé gníomhach san earnáil cruach, agus díríonn sé ar thrádáil agus próiseáil cruach. Táirgeann sé táirgí cruach carbóin den chuid is mó, ach, ar bhonn níos lú, táirgeann sé táirgí as cruach dhosmálta cothrom agus fada freisin,

— Is táirgeoir táirgí fada cruach speisialtachta é Ascometal Fos-sur-Mer. Tá muileann ag Ascometal Fos-sur-Mer lonnaithe in Fos-sur-Mer sa Fhrainc agus tá sé gníomhach san Aontas den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11583 – MARCEGAGLIA STEEL / ASCOMETAL FOS-SUR-MER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË